Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**15965/24**

**AGRI 820**
**AGRIFIN 133**
**FIN 1050**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta: pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol<br>*- Formheas na ndréachtchonclúidí ón gComhairle* |

1. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (Meitheal AGRIFIN) scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta thuasluaite i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí a ghlac an Chomhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí (7515/00 + COR 1).

2. Léiríodh sa scrúdú sin nach mbaineann codanna suntasacha den tuarascáil leis an nós imeachta um urscaoileadh agus go mbaineann roinnt codanna di le hábhair nach dtagann faoi raon feidhme inniúlacht na Cúirte mar a shainítear sna conarthaí í.

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2024, phléigh Meitheal AGRIFIN an tuarascáil speisialta thuasluaite chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil. Measadh gur cheart conclúidí ón gComhairle a dhréachtú maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/24. I bhfianaise an phlé sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí (15964/24). Socraíodh spriocdháta le haghaidh barúlacha i scríbhinn an 2 Nollaig. Fuarthas roinnt barúlacha agus tugadh aghaidh orthu i dtéacs athdhréachtaithe (15964/24 ADD 1). Cuireadh an téacs athbhreithnithe i láthair i Meitheal AGRIFIN an 5 Nollaig agus chomhaontaigh na Ballstáit uile leis. Meastar gur téacs críochnaitheach é an téacs in 15964/24 ADD 1.

4. Leis seo, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.